Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2023
(OR. en)**

**12512/23**

**LIMITE**

**CORLX 826
CFSP/PESC 1180
RELEX 989
CONUN 224
MOG 113
CONOP 74
COARM 219
FIN 877**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012**
**a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010[1], agus go háirithe Airteagal 46(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012.

(2) Ba cheart an iontráil a bhaineann le heintiteas amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a nuashonrú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 267/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012, faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.', cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad na hiontrála comhfhreagraí sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal 'B. Eintitis':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '148. | Iran Composites Institute (ar a dtugtar freisin Composites Research Laboratory (CRL)) | Iran Composites Institute,<br>Iranian University of Science and Technology,<br>16845-188, Tehran, an Iaráin,<br>Teileafón: 98 217 3912858<br>Facs: 98 217 7491206<br>Ríomhphost: ici@iust.ac.ir<br>Suíomh gréasáin: http://www.irancomposites.org | Tá Iranian Composites Institute (ICI, ar a dtugtar freisin Composite Institute of Iran; Composites Research Laboratory (CRL)) ag cuidiú le heintitis ainmnithe forálacha smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais ar an Iaráin a shárú agus tá sé ag tacú go díreach le gníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de. Ó 2011, bhí ceangal conartha ar ICI rótair lártheifneoirí IR-2M a sholáthar do Iran Centrifuge Technology Company (TESA), eintiteas atá ainmnithe ag an Aontas Eorpach. | 22.12.2012'. |

PUBLIC